RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/333 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Iúil 2022

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cinneadh na gcásanna ina meastar go bhfuil sonraí céannachta comhionann nó cosúil le chéile ar mhaithe le hilchéannachtaí a bhrath

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/817, i gcomhar le Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), bunaítear creat chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse na dteorainneacha, na víosaí, an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce.

(2) Tá roinnt comhchodanna sa chreat sin lena n-áirítear brathadóir ilchéannachtaí. Is rud é an brathadóir ilchéannachtaí a chruthaíonn agus a stórálann naisc idir na sonraí atá i gcórais faisnéise AE éagsúla chun iliomad céannachtaí a bhrath, agus an dá chuspóir aige seiceálacha céannachta a éascú le haghaidh taistealaithe *bona fide*, agus calaois chéannachta a chomhrac. Chun gur féidir leis an mbrathadóir ilchéannachtaí a chuspóirí a chomhlíonadh, tá sé riachtanach go bhfuil sé in ann naisc a dhéanamh idir na sonraí.

(3) Cruthaítear naisc uathoibrithe bhána agus bhuí mar thoradh ar an bpróiseas braite ilchéannachtaí. Léiríonn nasc bán gur comhionann nó gur comhchosúil iad na sonraí céannachta sna comhaid nasctha, agus léiríonn nasc buí nach féidir a mheas gur comhchosúil iad na sonraí céannachta sna comhaid nasctha agus gur cheart fíorú de láimh a dhéanamh ar na céannachtaí éagsúla.

(4) I bhfianaise an ualaigh atá ar na daoine a bhfuil a gcuid sonraí cláraithe sna córais faisnéise AE, agus ar na húdaráis náisiúnta mar aon leis na gníomhaireachtaí AE, is gá teorainn a chur le líon na gcásanna ina ngineann an brathadóir ilchéannachtaí naisc bhuí agus a bhfuil fíorú de láimh ag teastáil ina leith dá bhrí sin.

(5) De bhun Rialachán (AE) 2019/817, ullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil na gcomhchodanna idir-inoibritheachta, lena n-áirítear an brathadóir ilchéannachtaí, is rudaí iad sin ba cheart a bheith faoi chúram Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(6) Sula bhforbrófar an brathadóir ilchéannachtaí, is gá na nósanna imeachta a leagan síos chun na cásanna a chinneadh ina meastar gur comhionann nó gur comhchosúil iad na sonraí céannachta a bhaineann le duine áirithe ar sonraí iad a stóráiltear ar fud roinnt córais éagsúla.

([1]) IO L 135, 22.5.2019, lch. 27.

([2]) Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IO L 286, 1.11.2011, lch. 1).

(7) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2019/817 le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/817 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Rialachán seo ina cheangal uirthi.

(8) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu ([4]). Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) A mhéid a bhaineann leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([5]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([6]).

(10) A mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([7]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([8]).

(11) A mhéid a bhaineann le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([9]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([10]).

(12) A mhéid a bhaineann leis an gCipir, an Bhulgáir, an Rómáin agus an Chróit, is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011.

(13) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) agus thug sé tuairim uaidh an 27 Aibreán 2021,

---

([4]) Ní thagann an Rialachán seo faoi raon feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

([5]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

([6]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis*Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

([7]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

([8]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

([9]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([10]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a mhéid a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

([11]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "sonraí céannachta" na sonraí seo a leanas:

(a) sloinne (ainm teaghlaigh); céadainm nó céadainmneacha (ainmneacha baiste); dáta breithe; náisiúntacht nó náisiúntachtaí; agus inscne; dá dtagraítear in Airteagail 16(1)(a), 17(1) agus 18(1) de Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]);

(b) sloinne (ainm teaghlaigh), céadainm nó céadainmneacha, (ainm baiste nó ainmneacha baiste), sloinne breithe; ailias nó ailiasanna; dáta breithe, áit bhreithe, inscne agus náisiúntacht reatha; dá dtagraítear in Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]);

(c) sloinnte, céadainmneacha, ainmneacha tráth breithe, ainmneacha agus ailiasanna a úsáideadh roimhe sin, áit bhreithe, dáta breithe, inscne agus aon náisiúntachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]);

(d) sloinnte, céadainmneacha, ainmneacha tráth breithe, ainmneacha agus ailiasanna a úsáideadh roimhe sin, áit bhreithe, dáta breithe, inscne agus aon náisiúntachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]);

(e) sloinnte, céadainmneacha, ainmneacha tráth breithe, ainmneacha agus ailiasanna a úsáideadh roimhe sin, áit bhreithe, dáta breithe, inscne agus aon náisiúntachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 20(3) de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]);

(f) sloinne (ainm teaghlaigh), ainmneacha (ainmneacha baiste), dáta breithe, áit bhreithe (baile agus tír), náisiúntacht nó náisiúntachtaí agus inscne, ainmneacha a bhí ar an duine roimhe seo, más infheidhme, dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(a)(i) de Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]);

([12]) Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20).

([13]) Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

([14]) Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

([15]) Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Chóras Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1).

([16]) Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

([17]) Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 1).

(g) go dtí go gcuirfear tús le hoibríochtaí an Chórais Faisnéise Víosaí de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]): sloinne (ainm teaghlaigh), ainmneacha (ainmneacha baiste), dáta breithe, gnéas, áit agus tír bhreithe, agus náisiúntachtaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 9(4), pointí (a) agus (aa) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]);

(h) ó thús oibríochtaí an Chórais Faisnéise Víosaí de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1134: sloinne (ainm an teaghlaigh); céadainm nó céadainmneacha (ainm nó ainmneacha baiste); dáta breithe; áit agus tír bhreithe; gnéas, agus náisiúntacht nó náisiúntachtaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 9(4), pointí (a) agus (aa), agus in Airteagal 22a(1), pointe (d) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

(2) ciallaíonn "ionann" comhfhreagairt 100 % idir na sonraí ó dhá chóras faisnéise AE éagsúla, lena n-áirítear, i gcás inar gá, feidhmiúlacht chomhchuibhithe um thiontú a úsáid chun formáid na sonraí uile a chomhchuibhiú sula ndéantar comparáid orthu;

(3) ciallaíonn "traslitriú" cineál tiontaithe ar théacs ina n-aistrítear an cló go cló eile trí na litreacha a bhabhtáil ar bhealaí a sainíodh roimhe sin.

Airteagal 2

Sonraí céannachta comhionanna

Leagtar amach in Iarscríbhinn I na nósanna imeachta lena gcinntear na cásanna ina measfar go bhfuil sonraí céannachta comhionann.

Airteagal 3

Sonraí céannachta comhchosúla

Leagtar amach in Iarscríbhinn II na cásanna ina measfar go bhfuil sonraí céannachta cosúil le chéile.

Airteagal 4

Logaí

1. Is sa stóras coiteann sonraí céannachta a stórálfar na logaí uile den chomparáid ar shonraí, agus beidh ar a laghad an méid seo a leanas sna logaí sin:

(a) dáta agus am na comparáide;

(b) toradh na comparáide, lena n-áirítear cé na sonraí céannachta a measadh gur shonraí comhionanna nó gur shonraí comhchosúla iad;

(c) dath an naisc tar éis na comparáide uathoibrithe;

(d) dath an naisc tar éis na próiseála de láimh i ndiaidh nasc buí a bheith cruthaithe;

(e) na leasuithe ar na naisc, lena n-áirítear na cásanna inar measadh gur shonraí comhchosúla a bhí i gceist.

2. Is sa stóras coiteann sonraí céannachta a stórálfar na logaí. Stórálfar iad ar feadh tréimhse nach faide ná bliain amháin ó rinneadh an chomparáid ar na sonraí. Tar éis na tréimhse sin, déanfar iad a léirscriosadh go huathoibríoch.

([18]) Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

([19]) Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir na Ballstáit (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

3. Bainfidh an stóras coiteann sonraí céannachta úsáid as na logaí chun tuarascálacha uathoibrithe ar ghníomhaíochtaí a sholáthar agus chun tacú le cruinneas na gcomparáide ar shonraí idir na córas faisnéise AE agus chun faireachán a dhéanamh air.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

1. **SONRAÍ Ó CHÓRAIS FAISNÉISE ÉAGSÚLA**

	Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)
1	**Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)**	Sloinnte Sloinnte a úsáideadh roimhe seo Sloinnte na nailiasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Túsainmneacha na n-ailiasanna Ainmneacha breithe	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)
2	**Dáta breithe**	Dáta breithe Dáta breithe na n-ailiasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe
3	**Inscne**	Inscne Inscne na n-ailiasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas
4	**Náisiúntacht agus áit bhreithe**	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntacht eile Náisiúntachtaí na n-ailiasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Áit bhreithe na n-ailiasanna (tír bhreithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe

Maidir le Córas Faisnéise Schengen, i gcás gach ceann de na sonraí dá bhforáiltear sa tábla, féadfaidh na sonraí céannachta a bheith ag baint le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

(a) "céannacht dheimhnithe", i gcás inar deimhníodh céannacht an duine ar bhonn doiciméid chéannachta bharántúla, mar thoradh ar mheaitseáil bhithmhéadrach, nó trí bhíthin ráiteas ó na húdaráis inniúla;

(b) "céannacht neamhdheimhnithe", i gcás nach leor an fhianaise chun céannacht an duine a chruthú;

(c) "ailias", i gcás ina n-úsáideann an duine céannacht bhréige nó céannacht a thugann sé air féin;

(d) "céannacht mhí-úsáidte", maidir le duine atá faoi réir foláireamh i gCóras Faisnéise Schengen, i gcás ina n-úsáideann an duine sin céannacht duine eile ar fíordhuine é, go háirithe nuair a úsáidtear doiciméad chun aimhleasa fhíorúinéir an doiciméid sin.

Chun críocha an tábla seo, tagraíonn na sonraí céannachta a bhaineann le hailiasanna do chatagóirí (b), (c) agus (d) agus tagraíonn na sonraí céannachta nach mbaineann le hailiasanna do chatagóir (a).

2. **SONRAÍ CÉANNACHTA COMHIONANNA**

Leagtar síos san Iarscríbhinn seo na cásanna inar féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta. Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, ní mór na coinníollacha uile i Roinn 3 a chomhlíonadh.

3. **NA CÁSANNA INAR FÉIDIR A MHEAS GUR COMHIONANN IAD NA SONRAÍ CÉANNACHTA DE RÉIR CATAGÓIR SONRAÍ**

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór na coinníollacha carnacha a leagtar síos i Ranna 3.1, 3.2, 3.3 agus 3.4 a chomhlíonadh.

3.1. **Ainmneacha**

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)
Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)	Sloinnte Sloinnte a úsáideadh roimhe seo Sloinnte na n-ailiasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ainmneacha breithe Túsainmneacha na n-ailiasanna	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór na coinníollacha carnacha seo a leanas a comhlíonadh:

(a) na sonraí a iontráladh i gceann amháin ar a laghad de na réimsí sonraí seo a leanas, is ionann na sonraí sin sa dá chóras:

(i) sloinne;

(ii) ainm teaghlaigh;

(iii) sloinnte a úsáideadh roimhe seo;

(iv) sloinne breithe;

(v) ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid);

(vi) ainmneacha bréige;

(vii) sloinnte na n-ailiasanna;

(viii) ainmneacha a úsáideadh roimhe seo;

(ix) ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo.

(b) na sonraí a iontráladh i gceann amháin ar a laghad de na réimsí sonraí seo a leanas, is ionann na sonraí sin sa dá chóras:

(i) céadainm;

(ii) túsainm;

(iii) ainm;

(iv) ainmneacha baiste;

(v) túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo;

(vi) ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid);

(vii) ainmneacha bréige;

(viii) túsainmneacha ailias;

(ix) ainmneacha a úsáideadh roimhe seo.

3.2. **Dáta breithe**

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)
Dáta breithe	Dáta breithe Dáta breithe na n-ailiasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór gurb ionann na luachanna atá faoin gcatagóir sonraí "dáta breithe" sa dá chóras.

3.3. **Inscne**

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)
Inscne	Inscne Inscne na n-ailiasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór gurb ionann na luachanna atá faoin gcatagóir sonraí "inscne" sa dá chóras.

3.4. **Náisiúntachtaí agus áit bhreithe**

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)
Náisiúntachtaí agus áit bhreithe	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntacht eile Náisiúntachtaí na n-ailiasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Áit bhreithe na n-ailiasanna (tír bhreithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór gurb ionann ar a laghad ceann amháin de na luachanna atá faoin gcatagóir sonraí "náisiúntachtaí agus áit bhreithe" sa dá chóras, lena n-áirítear ar a laghad ceann amháin de na náisiúntachtaí.

IARSCRÍBHINN II

1. **Sonraí ó chórais faisnéise éagsúla**

	Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)
1	**Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)**	Sloinnte Sloinnte a úsáideadh roimhe seo Sloinnte na n-ailiasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ainmneacha breithe Túsainmneacha na n-ailiasanna	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmnea-cha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmnea-cha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)
2	**Dáta breithe**	Dáta breithe Dáta breithe na n-ailiasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe
3	**Inscne**	Inscne Inscne na n-ailiasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas
4	**Náisiúntacht agus áit bhreithe**	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntacht eile Náisiúntachtaí na n-ailiasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Áit bhreithe na n-ailiasanna (tír bhreithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe

Maidir le Córas Faisnéise Schengen, i gcás gach ceann de na sonraí dá bhforáiltear sa tábla, féadfaidh na sonraí céannachta a bheith ag baint le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

(a) "céannacht dheimhnithe", i gcás inar deimhníodh céannacht an duine ar bhonn doiciméid chéannachta bharántúla, mar thoradh ar mheaitseáil bhithmhéadrach, nó trí bhíthin ráiteas ó na húdaráis inniúla;

(b) "céannacht neamhdheimhnithe", i gcás nach leor an fhianaise chun céannacht an duine a chruthú;

(c) "ailias", i gcás ina n-úsáideann an duine céannacht bhréige nó céannacht a thugann sé air féin;

(d) "céannacht mhí-úsáidte", maidir le duine atá faoi réir foláireamh i gCóras Faisnéise Schengen, i gcás ina n-úsáideann an duine sin céannacht duine eile ar fíordhuine é, go háirithe nuair a úsáidtear doiciméad chun aimhleasa fhíorúinéir an doiciméid sin.

Chun críocha an tábla seo, tagraíonn na sonraí céannachta a bhaineann le hailiasanna do chatagóirí (b), (c) agus (d) agus tagraíonn na sonraí céannachta nach mbaineann le hailiasanna do chatagóir (a).

2. **SONRAÍ CÉANNACHTA COMHCHOSÚLA**

Tugtar liosta uileghabhálach rialacha i Roinn 3 maidir leis na cásanna sin go measfar sonraí céannachta a bheith comhchosúil.

Déanfaidh eu-LISA, le cúnamh agus comhairle ón nGrúpa Comhairleach Idir-inoibritheachta, na rialacha sin a chur i bhfeidhm trí bhíthin algartaim i gcomhairle leis an gCoimisiún, agus cúnamh á fháil aige agus comhairle á fáil aige ón bhFoghrúpa Idir-inoibritheachta den Ghrúpa Saineolaithe maidir le Córais Faisnéise le haghaidh Teorainneacha agus Slándála ("an Grúpa Saineolaithe").

Déanfaidh eu-LISA faireachán ar thionchar chur i bhfeidhm an algartaim agus tuairisceoidh sé, ar bhonn rialta, don Ghrúpa Saineolaithe.

I gcás inar gá, chun teorainn a chur le líon na gcásanna inar ghá do na húdaráis fhreagracha naisc bhuí arna nginiúint ag an mbrathadóir ilchéannachtaí a iompú ina naisc bhána, iarrfaidh an Coimisiún, le cúnamh agus comhairle ón nGrúpa Saineolaithe, ar eu-LISA an t-algartam a choigeartú trí thosaíocht a thabhairt do na naisc bhuí a chruthaítear idir sonraí céannachta a mheastar a bheith níos comhchosúla, i gcomhréir leis na rialacha i Roinn 3.

Déanfaidh an brathadóir ilchéannachtaí na sonraí céannachta a sheiceáil i gcónaí i gcomparáid leis na rialacha ar fad a leagtar síos i roinn 3.

3. **NA CÁSANNA INAR FÉIDIR A MHEAS GO bhFUIL SONRAÍ CÉANNACHTA COSÚIL LE CHÉILE**

3.1. **Ainmneacha**

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)
Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)	Sloinnte Sloinnte a úsáideadh roimhe seo Sloinnte na n-ailiasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ainmneacha breithe Túsainmneacha na n-ailiasanna	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)

Sonraí céannachta sa chatagóir sonraí "ainmneacha", féadfar a mheas gur sonraí comhchosúla iad i gcás inarb ann don mhéid seo a leanas:

(a) traslitriú aitheanta ar na hainmneacha;

(b) aisiompú ar na catagóirí sonraí seo a leanas:

(i) sloinne; ainm teaghlaigh; sloinnte a úsáideadh roimhe seo; sloinne breithe, ainm breithe; sloinnte na n-ailiasanna, ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo;

(ii) céadainm; túsainm; ainm; ainmneacha baiste; túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo; túsainmneacha ailias;

(c) cásanna ina bhfuil an céadainm, an túsainm agus an sloinne athghrúpáilte i gceann amháin de na réimsí sonraí;

(d) cásanna ina bhfuil ord dhá fhocal aisiompaithe, lena n-áirítear focail atá le hais a chéile agus focail nach bhfuil le hais a chéile;

(e) cásanna ina bhfuil ord dhá litir aisiompaithe, lena n-áirítear litreacha atá le hais a chéile agus litreacha nach bhfuil le hais a chéile;

(f) cásanna ina bhfuil athrú ar charachtar amháin ag teastáil, lena n-áirítear ionsá, scrios nó ionadú, chun a fhágáil gurb ionann catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE amháin agus catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE eile;

(g) cásanna ina bhfuil difríocht ann de bharr úsáid fleiscíní, camóg nó uaschamóg;

(h) cásanna ina bhfuil an t-ainm teasctha.

3.2. **Dáta breithe**

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)
Dáta breithe	Dáta breithe Dáta breithe na n-ailiasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe

Sonraí céannachta sa chatagóir sonraí "dáta breithe", féadfar a mheas gur sonraí comhchosúla iad i gcás inarb ann don mhéid seo a leanas:

(a) cásanna ina bhfaighfear meaitseáil idir na réimsí míosa agus lae má dhéantar iad a aisiompú;

(b) cásanna inarb é tiontú aitheanta ar fhéilirí difriúla is cúis leis an difear ó thaobh an dáta breithe de;

(c) cásanna ina bhfuil athrú ar charachtar amháin ag teastáil, lena n-áirítear ionsá, scrios nó ionadú, chun a fhágáil gurb ionann catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE amháin agus catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE eile.

3.3. **Inscne**

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)
Inscne	Inscne Inscne na n-ailiasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas

3.4. **Náisiúntachtaí agus áit bhreithe**

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)
Náisiúntachtaí agus áit bhreithe	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntacht eile Náisiúntachtaí na n-ailiasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Áit bhreithe na n-ailiasanna (tír bhreithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe

Na sonraí céannachta sa chatagóir sonraí "náisiúntachtaí agus áit bhreithe", féadfar a mheas gur sonraí comhchosúla iad i gcás inarb ann don mhéid seo a leanas:

(a) traslitriú aitheanta ar na náisiúntachtaí nó ar an áit bhreithe;

(b) cásanna ina bhfuil athrú ar charachtar amháin ag teastáil, lena n-áirítear ionsá, scrios nó ionadú, chun a fhágáil gurb ionann catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE amháin agus catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE eile;

(c) cásanna aitheanta inar athraíodh ainm na náisiúntachtaí, na dtíortha nó na gcathracha.